Dublin City Council
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# DRÉACHT
# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH
# FODHLÍTHE UM RIALÚ SCIPEANNA BRUSCAIR
# 2025

**Teideal Fada.** I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dóibh le hAlt 72 d'Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993) agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairfear "an Chomhairle Cathrach" anseo feasta) leis seo na Fodhlíthe seo a leanas: -

## CUID 1 **Réamhchéim**

**Gearr-theideal.** 1. D'fhéadfaí na Fodhlíthe seo a lua mar Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Scipeanna Bruscair, 2025.

**Tosú Fodhlíthe** 2. Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2025.

**Sainmhínithe** 3. Sna Fodhlíthe seo ciallaíonn *'Acht 1993'* Acht na mBóithre, 1993;

ciallaíonn *'Acht 1968'* an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968;

ciallaíonn *'Acht 1961'* an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;

ciallaíonn *'gníomhaire den Chomhairle Cathrach'* aon duine atá fostaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ag aon duine eile atá údaraithe ag an gComhairle Cathrach chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na fodhlíthe seo;

tá le '[h]*áit seasaimh cheaptha'* an bhrí a shanntar dó le hAlt 84 (arna leasú le hAlt 6 d'Acht 1968) d'Acht 1961;

ciallaíonn *"duine ceadaithe"* duine údaraithe atá fostaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus atá ceadaithe i scríbhinn ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun críocha na bhFodhlíthe seo agus Alt 72 d'Acht 1993

ciallaíonn *'duine údaraithe'* duine atá údaraithe i scríbhinn ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun críoch Alt 72 d'Acht 1993; comhalta den Gharda Síochána; duine ceadaithe.

ciallaíonn *'uaireanta gnó'* na tréimhsí oibríochta a léirítear ar an meaisín iomchuí ticéad páirceála íoc agus taispeána nó ar an méadar páirceála iomchuí;

ciallaíonn *'raon rothar'* cuid de bhóthar, lena n-áirítear cuid de choislí nó cuid den bhóthar a chuirtear ar fáil go príomha le húsáid ag gnáthrothair;

ciallaíonn *'Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath'* Ard-Mhéara Ró-Onórach, Seanóirí agus Buirgéisigh Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn *'coislí'* bóthar nach cosán agus a bhfuil ceart slí poiblí thairis do choisithe amháin;

tá le *'cosán'* an bhrí a shanntar dó hAlt 2(1) d'Acht 1993;

ciallaíonn *'fruilitheoir scipe bruscair'* duine a thógann scipe bruscair amach ar cíos ó oibritheoir scipe bruscair.

ciallaíonn *'pláta faisnéise'* pláta a ghabhann le comhartha tráchta a léiríonn, mura sonraítear a mhalairt, an tréimhse lena mbaineann na srianta nó an toirmeasc a léirítear leis an gcomhartha tráchta sin;

tá le *'mótarbhealach'* an bhrí a shanntar dó le hAlt 2(1) d'Acht 1993;

ciallaíonn *'spás páirceála'* áit nó bóthar poiblí ar spás páirceála diosca, spás páirceála le méadar nó spás páirceála ticéad é.

tá le *'bóthar poiblí'* an bhrí a shanntar dó le hAlt 2(1) d'Acht 1993;

tá le *'bóthar'* an bhrí a shanntar dó hAlt 2(1) d'Acht 1993;

tá le *'ród'* an bhrí a shanntar dó le hAlt 2(1) d'Acht 1993;

ciallaíonn *'intlis bhóthair'* aon chuid de bhóthar atá intlise go háitiúil taobh thiar dá ghnáthlíne;

ciallaíonn *'scipe bruscair'* coimeádán miotail a úsáidtear chun ábhair tógálaithe, spallaí, dramhaíl, bruscar nó aon ábhar eile a stóráil nó a bhaint agus atá deartha lena iompar le feithicil inneallghluaiste (mar a mhínítear in Acht 1961); Ní chlúdófar Málaí Scipe Bruscair, a dhíoltar in ionaid mhiondíola áirithe, faoi scéim na Comhairle um Chead Scipe Bruscair agus ní féidir iad a stóráil san fhearann poiblí;

ciallaíonn *'oibritheoir scipe bruscair'* duine a thugann scipeanna bruscair ar cíos do dhaoine eile nó ar leis é nó a oibríonn gnó fruilithe scipe bruscair.

**Limistéar feidhme**

4. Tá feidhm ag na fodhlíthe seo maidir le limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Cúlghairmeacha**

5. Cúlghairtear leis seo Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Scipeanna Bruscair, 1999.

## CUID II

## ***Toirmisc, Srianta agus Coinníollacha a bhaineann le Scipeanna Bruscair a Shuiteáil ar Bhóithre Poiblí***

**Codanna de Bhóithre Poiblí nach féidir scipeanna bruscair a shuiteáil orthu tráth ar bith**

6. Faoi réir Fhodhlíthe 8, 9 & 12 ní shuiteálfar scipe bruscair, tráth ar bith

(a) ar an taobh sin de chuid róid ar cuireadh uimhir chomhartha tráchta RRM 008 (línte buí dúbailte) ar fáil ar a imeall;

(b) ar chuid de ród inar cuireadh uimhir chomhartha tráchta RUS 019 (comhartha Cosc ar Pháirceáil) ar fáil, le linn na tréimhse a thaispeántar ar an bpláta faisnéise a ghabhann leis an gcomhartha tráchta sin; ar chuid de ród atá laistigh de 5 mhéadar ó acomhal bóthair;

(c) ar chuid de ród ina bhfuil níos lú ná 3 lána tráchta agus inar cuireadh uimhir chomhartha tráchta RRM 001 (líne bhán leanúnach) ar fáil;

(d) ar chuid de ród inar suíodh uimhir chomhartha tráchta RUD 020, i gcomhar le RRM 029 (áit seasaimh cheaptha) lena chur in iúl gur cuireadh áit seasaimh cheaptha ar fáil;

(e) in aon áit, suíomh nó slí as a dtiocfaidh bac, moill nó cur isteach ar an mbealach isteach chuig stáisiún briogáide dóiteáin, stáisiún otharchairr nó stáisiún Garda nó amach astu;

(f) in aon áit, suíomh nó slí a fhágfaidh go mbacfaidh an scipe bruscair bealach isteach nó slí amach chuig áitreabh nó amach as áitreabh, ach amháin le toiliú áititheoir an áitribh sin;

(g) laistigh de 15 mhéadar (ar an taobh isteach) nó 5 mhéadar (ar an taobh seachas an taobh isteach) de chuid de ród inar cuireadh aon cheann de na comharthaí tráchta seo a leanas ar fáil:-

(h) uimhir chomhartha tráchta RPC 001 (Trasrian Coisithe); uimhir chomhartha tráchta RPC 002 (Coimpléasc Trasnaithe Coisithe); nó uimhreacha comharthaí tráchta RTS 001, RTS 002, RTS 003 nó RTS 004 (Soilse Tráchta);

(i) ar chosán, ar imeall féir nó ar lárstráice;

(j) ar chuid de ród ar limistéar corrthrádála é, le linn uaireanta trádála;
(k) ar shlí ina gcuirfidh sé isteach ar an ngnáthshreabhadh tráchta nó a chuireann bac ar thrácht nó a chuireann trácht i mbaol;
(l) i gcás inar cuireadh comhartha tráchta RUS 031 (Stad Bus) nó RRM 030 (Áit Stoptha nó Seastán) ar fáil;
(m) ar mhótarbhealach;
(n) in áit pháirceála le linn uaireanta gnó;
(o) ar chuid de ród ina gcuirtear uimhir chomhartha tráchta RRM 010 (Toirmeasc stoptha ag bealaí isteach scoile) ar fáil;
(p) ar chuid de ród ina gcuirtear uimhir chomhartha tráchta RRM 015 (Cuas Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas) ar fáil;
(q) ar raon rothar.

7. Faoi réir Fhodhlíthe 8, 9 & 12, ní shuiteálfar scipe bruscair le linn tréimhse a d'fhéadfadh a bheith

(a) léirithe ar phláta faisnéise
(b) ar chuid de ród ar lána bus nó lána bus in aghaidh an tsrutha í nó ar chosán poiblí atá tadhlach le lána bus nó lána bus in aghaidh an tsrutha;
(c) ar chuid de ród ar glanbhealach é nó ar chosán poiblí atá tadhlach leis an nglanbhealach sin;
(d) ar an taobh sin de chuid róid ar cuireadh uimhir chomhartha tráchta RRM 007 (Líne Bhuí Aonair) ar fáil ar a imeall;
(e) ar chuid de ród ina gcuirtear uimhir chomhartha tráchta RRM (Bá Lódála) ar fáil;
(f) ar chuid de ród ina gcuirtear uimhir chomhartha tráchta RUS 018 (Páirceáil Shrianta) ar fáil;
(g) ar bhóthar, ar chuid de bhóthar, nó i limistéar ag bealach isteach, áit a gcuirtear uimhir chomhartha tráchta RUS 021 (Sráid nó Limistéar do Choisithe) ar fáil;
(h) ar raon rothar.

8. D'ainneoin fhorálacha Fhodhlíthe 6 agus 7, is féidir le duine ceadaithe cead a thabhairt chun scipe bruscair a shuiteáil ar chuid den bhóthar poiblí a shonraítear i bhFodhlíthe 6 nó 7.

9. Sa chás gur mian le fruilitheoir scipe bruscair é a shuiteáil ar chuid den bhóthar poiblí a shonraítear i bhFodhlíthe 6 nó 7, déanfaidh siad iarratas ar chead scipe bruscair chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir cead scipe bruscair a

dheonú ar mholadh ó dhuine ceadaithe faoi réir na nithe seo a leanas a chomhlíonadh chun sástacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

(a) Ní mór don fhruilitheoir scipe bruscair an t-eolas go léir a theastóidh ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthar, lena n-áirítear;

(i) Ainm agus seoladh an fhruilitheora scipe bruscair.
(ii) Ainm agus seoladh agus uimhir cheadúnais an oibritheora scipe bruscair a sholáthróidh an scipe bruscair.
(iii) An suíomh cruinn ina mbeartaítear an scipe bruscair a shuiteáil.
(iv) An dáta agus na hamanna a bheartaítear an scipe bruscair a shuiteáil ag an suíomh.
(v) An dáta agus na hamanna a bheartaítear an scipe bruscair a bhaint.
(vi) Na toisí uasta den scipe bruscair a bheidh le suiteáil ar an mbóthar poiblí.

(b) fianaise shásúil a chur ar fáil go bhfuil Beartas Dliteanais Phoiblí reatha bailí ag an bhfruilitheoir scipe bruscair atá bailí faoi láthair le cuideachta árachais cheadaithe, á slánú féin agus ag slánú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go hiomlán maidir le gach éileamh ó thríú páirtithe. Is é a bheidh sa teorainn slánaíochta an tsuim a mholfaidh Árachóirí le haghaidh aon timpiste amháin.

(c)

(i) na táillí a shonraítear i bhFodhlíthe reatha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Páirceála a íoc sa chás go mbeartaítear scipe bruscair a shuiteáil in áit pháirceála le linn uaireanta gnó.
(ii) in aon suíomh eile a shonraítear i bhFodhlíthe 6 nó 7, na táillí reatha a íoc as spás bóthair in aghaidh an lae nó cuid díobh in aghaidh gach 5 mhéadar den bhóthar poiblí ar a bhfuil sé beartaithe scipe bruscair a shuiteáil.

10. Ní dheonófar cead scipe bruscair d'fhruilitheoir más rud é nach bhfuil ceadúnas scipe bruscair ag an oibritheoir a shonraítear i gcomhréir le Fodhlí 9, Foroinn (a)(ii).

11. Beidh an t-eolas seo a leanas sa chead scipe bruscair: -

(i) Ainm agus seoladh an fhruilitheora scipe bruscair.
(ii) Ainm agus seoladh an oibritheora scipe bruscair a sholáthróidh an scipe bruscair.

(iii) An suíomh cruinn ina mbeartaítear an scipe bruscair a chur.
(iv) An dáta agus na hamanna ar a bhféadfar an scipe bruscair a chur ag an suíomh a shonraítear faoi fho-alt (iii).
(v) An dáta agus na hamanna faoina gcaithfear an scipe bruscair a bhaint.
(vi) Na toisí uasta den scipe bruscair atá le cur ag an suíomh.
(vii) Aon choinníoll eile a fhorchuirfidh duine ceadaithe.
(viii) Na focail *Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*.
(ix) Síniú an duine a dheonaíonn an ceadúnas

12. Ní fhéadfar scipe bruscair a shuiteáil ar chuid den bhóthar poiblí a shonraítear i bhFodhlíthe 6 nó 7 mura bhfuil cead scipe bruscair bailí ag an bhfruilitheoir scipe bruscair agus go bhfuil an cead sin ar fáil ar an láthair i gcónaí lena iniúchadh láithreach ag duine údaraithe.
13. Cinnteoidh an fruilitheoir scipe bruscair go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas i ndáil le haon scipe bruscair atá suite ar an mbóthar poiblí ar iarratas uaidh:

(a) Ní fhéadfar aon scipe bruscair a lódáil níos airde ná pointe atá 1 mhéadar os cionn imeall uachtarach an scipe bruscair.
(b) Ní úsáidfear scipeanna bruscair chun aon ábhar guaiseach nó díobhálach a dhiúscairt
(c) Cuirfear clúdach slán ar an scipe bruscair tráthanna a bheidh an scipe bruscair lódáilte go hiomlán agus nuair a bheidh an scipe bruscair lódáilte á iompar
(d) Ní mór an scipe bruscair a bhaint laistigh de (i) 24 uair an chloig tar éis an scipe bruscair a lódáil go hiomlán (ii) tráth nach déanaí ná 1 uair an chloig tar éis duine údaraithe a iarraidh go mbainfear é (iii) sa chás go ndeonaítear cead scipe bruscair, tráth nach déanaí ná an dáta agus an t-am éaga a thaispeántar ar an gcead, cibé acu is luaithe, agus cuirfidh an fruilitheoir na coinníollacha sin in aon chonradh chun scipe bruscair a thabhairt amach ar cíos.
(e) Beidh an méid seo a leanas infheidhme maidir leis an scipe bruscair: -
(i) beidh marcálacha frithchaiteacha cothrománacha ceangailte go buan aige ag úsáid leatháin fhrithchaiteacha ar ghrád innealtóireachta atá 150 milliméadar ar a laghad ar airde, agus a shíneann feadh fhad iomlán gach taoibh, tuairim is leathbhealach idir barr agus bun na scipe bruscair. Coinneofar na marcálacha sin i gcónaí i riocht lena gcinnteofar go mbeidh siad le feiceáil go soiléir i gcónaí ag úsáideoirí bóthair; agus
(ii) ní bheidh sé péinteáilte in aon dath ar dóigh dó infheictheacht a laghdú san oíche.

(f) Aon choinníoll eile a fhorchuirtear faoi Alt (vii) d'Fhodhlí 11.

14. Ní ceadmhach d'oibritheoir scipe bruscair scipe bruscair a shuiteáil ar bhóthar poiblí mura gcinntíonn sé go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
(a) sa chás go mbeidh scipe bruscair á shuiteáil ar chuid de bhóthar poiblí a shonraítear i bhFodhlíthe 6 nó 7, beidh an t-oibritheoir sásta gur dheonaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cead scipe bruscair don fhruilitheoir lena n-údaraítear scipe bruscair a chur an tráth sin agus ag an suíomh sin.
(b) sa chás go bhfuil cead scipe bruscair bailí ag an bhfruilitheoir scipe bruscair, cinnteoidh an t-oibritheoir scipe bruscair go ndéanfar an scipe bruscair a shuiteáil de réir na gcoinníollacha a shonraítear sa chead sin.

(c) Beidh an méid seo a leanas infheidhme maidir leis an scipe bruscair: -

(i) beidh marcálacha frithchaiteacha cothrománacha ceangailte go buan aige ag úsáid leatháin fhrithchaiteacha ar ghrád innealtóireachta atá 150 milliméadar ar a laghad ar airde, agus a shíneann feadh fhad iomlán gach taoibh, tuairim is leathbhealach idir barr agus bun na scipe bruscair. Coinneofar na marcálacha sin i gcónaí i riocht lena gcinnteofar go mbeidh siad le feiceáil go soiléir i gcónaí ag úsáideoirí bóthair; agus
(ii) marcálfar é ar gach taobh le hainm, seoladh, uimhir theileafóin agus uimhir cheadúnais an oibritheora scipe bruscair i litreacha doscriosta inléite go soiléir 125 milliméadar ar a laghad ar airde;
(ii) agus ní bheidh sé péinteáilte in aon dath ar dóigh dó infheictheacht a laghdú san oíche.
(d) ní dhéanfar scipe bruscair a bheidh suite ar bhóthar poiblí a chur níos gaire ná 1 mhéadar do shilteán draenála.
(e) Suiteálfar scipe bruscair atá suite ar ród ionas go mbeidh taobhanna níos faide an scipe bruscair comhthreomhar nó comhthreomhar go garbh le haghaidh an cholbha agus leis an taobh istigh nó leis an taobh cóngarach, 225 mhilliméadar ar a mhéid ó aghaidh an chosáin, ach gan bac a chur ar an gcainéal draenála nach mór a choimeád glan i gcónaí ná ar chartadh nó ar bhruscar atá á lódáil.
(f) Suiteálfar scipe bruscair atá suite ar chosán nó ar imeall ionas go mbeidh taobhanna níos faide an scipe bruscair comhthreomhar nó comhthreomhar go garbh leis an gcosán agus leis an taobh amuigh nó an taobh thall, 225 mhilliméadar ar a laghad ó imeall aghaidh an cholbha.
(g) Cinnteoidh oibritheoirí scipe bruscair nach ndéanfar aon scipe bruscair a lódáil níos airde ná pointe atá 1 mhéadar os cionn imeall uachtarach an scipe bruscair agus áireoidh siad an coinníoll sin in aon chonradh chun scipe bruscair a thabhairt amach ar cíos do thríú páirtí.

(h) Cinnteoidh oibritheoirí scipe bruscair nach n-úsáidfear scipeanna bruscair chun aon ábhar guaiseach nó díobhálach a dhiúscairt agus áireoidh siad coinníoll in aon chonradh chun scipe bruscair a thabhairt amach ar cíos do thríú páirtí.
(i) Cinnteoidh oibritheoirí scipe bruscair go soláthrófar clúdach slán do gach scipe a chuirfear i bhfeidhm tráthanna a bheidh an scipe bruscair lódáilte go hiomlán agus nuair a bheidh an scipe bruscair lódáilte á iompar.
(j) Cinnteoidh oibritheoirí scipe bruscair go mbainfear na scipeanna bruscair

(i) laistigh de 24 uair an chloig tar éis é a bheith lódáilte go hiomlán;

(ii) tráth nach déanaí ná 1 uair an chloig tar éis iarratais, ón duine Údaraithe, go mbainfí an scipe bruscair.

17.(a) Má tá scipe bruscair suite ar an mbóthar poiblí de shárú ar na Fodhlíthe seo, féadfaidh duine údaraithe, chomh maith le fógra sáraithe a eisiúint, (i) socrú a dhéanamh scipe bruscair a bhaint nó a athshuiteáil nó (ii) a ordú d'oibritheoir scipe bruscair í a bhaint nó a athshuiteáil ó aon suíomh.
(b) d'ainneoin na bhFodhlíthe seo nó ceadúnas arna eisiúint fúthu a chur ar fáil, féadfaidh duine údaraithe socrú a dhéanamh scipe bruscair a baint nó a athshuiteáil a mheasann sé a bheith ina ghuais láithreach thromchúiseach do dhaoine a úsáideann bóthar poiblí.

18. Sa chás go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó a gníomhairí scipe bruscair a bhaint nó a athshuiteáil de réir na bhfodhlíthe seo, íocfaidh an t-oibritheoir scipe bruscair le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath méid an chaiteachais a tabhaíodh chun an scipe bruscair a bhaint agus a stóráil.

19. Ní ionchorprófar i ndearadh scipeanna bruscair aon ghné a d'fhéadfadh a bheith ina cúis ghuaise nó díobhála don phobal. Féadfaidh duine údaraithe a ordú go ndéanfar modhnuithe ar aon scipe bruscair, nuair a d'fhéadfaí guais don phobal teacht chun cinn, i dtuairim an duine údaraithe, agus ní mór an treoir sin a chomhlíonadh.

20. Nuair a dhéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ordú ar mhodhnú, ní fhéadfaidh an t-oibritheoir scipe bruscair laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an scipe bruscair a éilíonn modhnú ná aon scipe bruscair dá mhacasamhail a shuiteáil ar bhóthar poiblí go dtí go mbeidh an modhnú/na modhnuithe sábháilteachta is gá curtha i gcrích chun sástacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## CUID III

## ***Oibritheoirí Scipe Bruscair a Cheadúnú***

**Ceanglais maidir le ceadúnas a bheith acu.**

21. Ceanglaítear ar gach oibritheoir scipe bruscair a sholáthraíonn scipeanna bruscair lena dtabhairt amach ar cíos agus/nó lena n-úsáid ar bhóithre poiblí laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceadúnais bailí a bheith acu arna eisiúint ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Mairfidh na ceadúnais ar feadh tréimhse bliana agus ní mór iad a athnuachan laistigh de bhliain amháin ó dháta a n-eisiúna nó a n-athnuachana deiridh.

22. Ní ceadmhach d'oibritheoir scipe bruscair nach bhfuil ceadúnas bailí aige scipe bruscair a chur ar bhóithre poiblí, ar chosáin ná ar choislí laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Coinníollacha maidir le Ceadúnais**

23. Féadfar ceadúnas a dheonú d'oibritheoir scipe bruscair faoi réir an táille bhliantúil chuí a íoc le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar a leanas:-

| Líon na Scipeanna Bruscair* | Táille Bhliantúil |
|---|---|
| 1 – 100 | €1,000 |
| 101 – 500 | €1,500 |
| Os cionn 500 | €2,000 |

*Líon na scipeanna bruscair atá ar fáil lena bhfáil ar cíos i limistéar *Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*.

Fianaise shásúil a chur ar fáil go bhfuil Beartas Dliteanais Phoiblí bailí reatha ag an oibritheoir scipe bruscair le cuideachta árachais cheadaithe, á shlánú féin agus ag slánú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go hiomlán maidir le gach éileamh ó thríú páirtithe. Is é a bheidh sa teorainn slánaíochta an tsuim a mholfaidh Árachóirí le haghaidh aon timpiste amháin.

An fhaisnéis seo a leanas a bheith curtha ar fáil ag an oibritheoir scipe bruscair:

Ainm an Oibritheora Scipe Bruscair:
Seoladh an Oibritheora Scipe Bruscair
Ainm Teagmhálaí - Lá agus Oíche
Uimhir theileafóin 24 uair a chloig
Seoladh Ríomhphoist
Ráiteas Sábháilteachta a chur ar fáil.

**Athnuachan Ceadúnais**

24. Féadfar ceadúnas a athnuachan faoi réir na nithe seo a leanas:-

comhlíonadh mhíreanna 1(a)(b) agus (c) den Fhodhlí

25. Duine údaraithe a bheith sásta gur chomhlíon an t-oibritheoir scipe bruscair na nithe seo a leanas le linn na bliana roimhe sin –
forálacha na bhFodhlíthe seo;
coinníollacha sonracha an cheadúnais; agus
Alt 72 d'Acht 1993.

**Ceadúnas a Dhiúltú**

26. Agus machnamh á dhéanamh ar chomhlíonadh an oibritheora scipe bruscair i gcomhréir le Fodhlí 24(b)(i)(ii) & (iii), beidh aird ag an duine údaraithe ar líon na bhfógraí sáraithe a eisíodh agus ar na cúiseanna ar eisíodh iad.

27. Deonófar nó athnuafar ceadúnas go ceann tréimhse bliana.

## CUID IV
## ***Cionta agus Nithe Ilghnéitheacha***

**Fógraí Sáraithe**

28. Sa chás nár comhlíonadh coinníollacha ceadúnais nó na Fodhlíthe seo, féadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Fógraí Sáraithe a eisiúint ina sonrófar cineál an neamhchomhlíonta líomhnaithe; agus

**Sáruithe ar na Fodhlíthe**

29. Faoi Alt 72(6) d'Acht na mBóithre, 1993, measfar gur Fodhlíthe Pionósacha iad na Fodhlíthe seo agus beidh aon duine a sháróidh iad ciontach i gcion. Aon duine a gheofar ciontach i gcion faoi na Fodhlíthe seo, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air.

Sa chás go ndiúltófar ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan, ní bheidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi dhliteanas ar dhóigh ar bith i leith aon éileamh, airgead, etc. a tharlóidh go díreach nó go neamhdhíreach mar gheall ar dhiúltú ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan.